# Scéal, Scéal, Scéal...

## Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige





Instagram: @pleanteangachoisfharraige
Twitter: @PleanTeangaCF
Facebook: @PleanáilTeangaChoisFharraige

12 Samhain 2020

### BISEACH AR LÍNE

Díoladh chuile chóip den 650 cóip a cuireadh i gcló de **Bhiseach 2020** in imeacht seachtaine. **Cumann Forbartha Chois Fharraige** a fhoilsíonn **Biseach**, iris a chuimsíonn altanna ar stair, ar oidhreacht agus ar imeachtaí bhliain a fhoilsítear i gCois Fharraige. Tá na sean-eagráin de **Biseach** le fáil ar líne anois a bhuíochas don suíomh cartlainne atá forbartha ag **Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge** i gCarna. Déanadh digitiú ar na heagráin ón mbliain 1968 go heagrán na bliana seo caite. Tá súil ag an gCumann Forbartha go mbeidh eagrán na bliana seo ar fáil ar an suíomh tar éis na Nollag. Tabhair cuairt ar www.cartlann.ie agus roghnaigh Biseach le teacht orthu.




### FÓCASGHRÚPAÍ GHLÓR NA NGAEL

Tá fócasghrúpaí á mbunú ag **Glór na nGael** i láthair na huaire bunaithe ar chlanna a thógáil le Gaeilge. Tá siad ag iarraidh cloisteáil ó theaghlaigh lán-Ghaeilge go háirithe. Tá dearbháin agus ciseán earraí le buachan i ngach fócasghrúpa. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar chuntas FB: Glór na nGael nó is féidir páirt a ghlacadh sna fócasghrúpaí ach an fhoirm a íoslódáil agus a líonadh ag www.teangati.ie/foirm

### AN TRIAIL AR LÍNE

Ní fada anois go léireoidh **Fíbín An Triail**, dráma cáiliúil Mhairéad Ní Ghráda do scoileanna ar fud na tíre. In áit an dráma a chur chun stáitse, mar a dhéanadh Fíbín roimhe seo, ar líne a bheas léiriú na bliana seo idir an Luan 16 Samhain agus an Aoine 20 Samhain. Tá an-tóir ag scoileanna ar an leagan teilifíse seo atá taifeadta ag **Fíbín**, ní nach ionadh os rud é go bhfuil an dráma ar chlár na hArdteiste. Beidh deis ag na daltaí a bheith páirteach i seisiún Ceisteanna agus Freagraí le cliar agus stiúrthóir an dráma tar éis an tsruthaithe. Beidh breis is 2,500 scoláire as 70 scoil iar-bhunoideachais ag breathnú air.




### CAIFÉ CULTÚIR NA SAMHNA

Beidh **Caifé Cultúir na Samhna** ar siúl ar an Déardaoin 26 Samhain @ 11r.n. Teacht le chéile míosúil ar Zúm a bhíonn ann ina dtugann aoichainteoirí léargas ar an gcineál oibre a dhéanann siad, an chaoi ar thosaigh siad agus an nasc atá acu le cúrsaí cultúir. Is í **Loretta Ní Ghabháin**, ó **Lorg Media** aoichainteoir na míosa seo. Imeacht saor in aisce é an **Caifé Cultúir** ach ní mór clárú roimh ré. Is féidir clárú ach teagmháil a dhéanamh le optchoisfharraige@gmail.com

### CRÉ NA CILLE AR AIS AR RAIDIÓ NA GAELTACHTA

Craolfar leagan ar leith de Cré na Cille, úrscéal cáiliúil Mháirtín Uí Chadhain, ar RTÉ Raidió na Gaeltachta as seo go deireadh na bliana. Craolfar an leagan seo a cóiríodh mar dhráma raidió i 1973, mar chuid de 'Bhliain an Chadhnaigh 2020' atá ar bun faoi láthair mar chomóradh ar chaoga bliain ó bhásaigh an Cadhnach. Is é an drámadóir agus an file Johnny Chóil Mhaidhc Ó Coisdealbha a rinne an cóiriú agus ba é Maidhc P. Ó Conaola a léirigh an dráma. Beidh sé le cloisteáil chuile Luan agus Máirt idir 2.05 i.n – 3 i.n go dtí deireadh na bliana, ag tosú ar an 16 Samhain.

### Ó CADHAIN AR ZÚM

Leanfar leis an bplé ar Ghearrscéalta Uí Chadhain ar Zúm an Domhnach beag seo 15/11 ag 7:30i.n. **An Strainséara** as an gcnuasach *Cois Caoláire* a bheas á phlé faoi stiúir Áine Uí Chonghaile. Le clárú, seol teachtaireacht chuig optchoisfharraige@gmail.com.

### MÍREANNA MEARAÍ LE BUACHAN

Tá comórtas á reáchtáil ag Cúla4 inar féidir míreanna mearaí **'Sa Bhaile'** agus earraí Cúla4 a bhuachan! Níl le déanamh ach ceist shimplí a fhreagairt le cur isteach ar an gcomórtas ag www.cula4.com/ga/buaigh. Go n-éirí libh!




## SRAITH CAINTEANNA MEABHAIRSHLÁINTE

D'fhógair **Muintearas Teo**. go mbeidh sraith cainteanna le Veronica Ní Loideáin ar siúl chuile Chéadaoin idir 5.30 – 6.00 i.n. ón 18 Samhain go dtí 16 Nollaig. Deacrachtaí meabhairshláinte agus mí-úsáid drugaí agus alcóil a bheas á bplé sna cainteanna seo a bheas dírithe ar dhaoine óga idir 10-20 bliain. Is féidir teagmháil a dhéanamh le angela @muintearas.com faoi roimh an 17ú Samhain. Breis eolais ar fáil ar FB: Muintearas Teo.


## SEISIÚN CEOIL NA NOLLAG


Tá seisiúin fhíorúla ceoil don Nollaig á mbeartú ag Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga. Iarrtar ar cheoltóirí a bhfuil cónaí orthu gCois Fharraige a mbeadh spéis acu a bheith páirteach ann teagmháil a dhéanamh linn go luath ag optchoisfharraige@gmail.com. Crochaigí suas é!




## BEALACH SIÚIL CHOIS FHARRAIGE

Le roinnt seachtainí anuas is léir go bhfuil i bhfad níos mó daoine ag siúl cois cladaigh i gceantar Chois Fharraige a bhuíochas sin don obair atá déanta ag an Scéim Fostaíochta Sóisialta faoi scáth Chomharchumann Sailearna agus Údarás na Gaeltachta. Tá sé i gceist bealach sábháilte siúil a fhorbairt idir An Spidéal agus Ros a' Mhíl. Tá an-chomhoibriú á thabhairt ag úinéirí talún don togra. Beidh bealach sábhailte le déanamh amach anseo le go bhféadfaidh daoine Abhainn an Chnoic a thrasnú siar ón Trá Mhór. D'éirigh le hÚdarás na Gaeltachta maoiniú a fháil faoin scéim FLAG Bhord Iascaigh Mhara le comharthaíocht a shocrú ar an mbealach freisin.





## BOB NÓ BEART CHOIS FHARRAIGE!

Míle buíochas ó chroí le chuile dhuine a chuir isteach ar an gcomórtas Bob nó Beart Chois Fharraige. D'éirigh go hiontach leis an togra agus comhghairdeachas ollmhór leis na buaiteoirí Ruairc O'Connor as an Spidéal agus na deirfiúracha Shauna agus Megan Ní Chatháin as an gCeathrú Rua!



**Ná déanaigí dearmad, a chairde, más rud é go bhfuil nuaíocht, scéilín nó teachtaireacht ar mhaith libh a scaipeadh i *Scéal, Scéal, Scéal*, is féidir teagmháil a dhéanamh le Katie @ 083 010 6294 faoi!**

## LITREACHA CHUIG DAIDÍ NA NOLLAG LE TUISMITHEOIRÍ NA GAELTACHTA




Tá **Tuismitheoirí na Gaeltachta** ag cuidiú le Daidí na Nollag i mbliana! Baileoidh siad na litreacha ar fad i nGaeilge ó pháistí ar fud na cruinne agus seolfaidh siad chuig Santaí iad le go mbeidh sé in ann iad a fhreagairt.




Is féidir na litreacha a sheoladh chuig Tuismitheoirí na Gaeltachta, An Cheathrú Rua, Co na Gaillimhe H91 Y0R2. Moltar go scríofar ainm agus seoladh na bpáistí ar an litir féin agus moltar go láidir na litreacha a bheith sa bpost roimh an Déardaoin 10 Nollaig.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil faoin togra seo ar leathanach FB: Tuismitheoirí na Gaeltachta nó teagmháil a dhéanamh leo ag eolas@tuismitheoiri.ie